FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Léargas ar Ghaeilge Thír Eoghain

Ní fada anois go mbeidh an leabhar is cuimsithí faoi Ghaeilge Thír Eoghain ar na seilfeanna.

Ag tarraingt ar a thaithí sa chontae le tuilleadh agus caoga bliain tá an dlaíóg mhullaigh á cur ag Pádraig Ó Baoighill ar a shaothar faoi láthair.

Ba sna caogaidí a bhí Pádraig ag obair mar eagraí ag Gael Linn ó thuaidh agus thosaigh sé a thabhairt cuairte ar na cainteoirí dúchais sa chontae.

Thart ar an Chaisleán Ghlas agus Gleann Lárach an ceantar ba mhó a bhí na daoine seo lonnaithe agus mhol Johnny Bán Mac Giolla Uidhir (dar le Pádraig an cainteoir deireanach Gaeilge i dtír Eoghain a fuair bás i 1972) dó cuairt a thabhairt ar dhuine mór le rá, Páidí Láidir.

Thart ar an bhliain 1956 bhuail sé le Páidí (in éineacht le Cathal Ó Diolúin agus John Girvan) agus chuir sé a chuid scéalta ar téip.

"Scéalta gairide, mar shampla scéalta Fiannaíochta, scéalta seanchais agus scéalta áitiúla a bhí aige," a mhínigh Pádraig.

"Caithfimid a smaoineamh nár labhair cuid de na daoine seo Gaeilge le tamall fada agus bhí cuid de na scéalta bearnach de thairbhe easpa cleachtaidh."

Cé go raibh Gaeilge Thír Eoghain go smior ag Páidí dúirt Pádraig Ó Baoighill nach raibh deacracht ar bith aige lena chanúint.

Fear iontach spéisiúil a bhí i bPáidí, dar le Pádraig.

Bhí baint aige le hOrd Ársa na nIbeirneach ar dtús ach go ndeachaigh sé le gluaiseacht na Poblachta ina dhiaidh nó d'éirigh sé míshásta leis an Ord.

"Fear iontach láidir a bhí ann agus bhíodh sé amuigh sna páirceanna an t-am ar fad."

Gné amháin den leabhar atá idir lámha ag Pádraig a gcuirfidh léitheoirí spéis inti an liosta focal a bhailigh sé ón cheantar, focail nár mhothaigh sé i gcanúint ar bith eile.

Cé gur foilsíodh cuid acu in ailt anseo agus ansiúd seo an chéad uair a bheidh siad uile le chéile mar aon le nótaí faoin chanúint.

Rinne an t-údar Conallach speisialtóireacht de leabhair den chineál seo.

Anuraidh, tháinig atheagrán dá leabhar faoi Ghaeltachtaí Dhún na nGall, *Ó Ghleann go Fánaid*, amach agus roimhe sin chuir sé eagar ar an leabhar *Ó Cadhain i dTír Chonaill,* scéalta a bhailigh Máirtín Ó Cadhain ar fud Ghaeltachtaí Dhún na nGall.

Bhí scéim ag Gael Linn na scéalaithe is fearr a thabhairt go dtí an Damer i mBaile Átha Cliath agus oíche sheanchais a chur ar fáil.

Bhí fonn ar Phádraig Páidí Láidir a thabhairt síos agus agus cé gur thug Máirtín Ó Cadhain cuairt air bhí Páidí féin ag éalú ag an am agus fuair sé bás go gairid ina dhiaidh.

Tá nóta bróin ag Pádraig faoin saothar seo ar chuir sé tús leis ag tús na gcaogaidí.

"Bhí mise iontach óg ag an am ach bhí suim agam i gcanúint Thír Eoghain agus scríobh mé síos beathaisnéis Pháidí.

"Nuair a fuair sé bás chaith mé an chuid eile de mo shaol ag dul thart ar na comharsana ag bailiú eolais ar Pháidí.

Ar na rudaí eile a bheidh ar an leabhar beidh próifílí na gcainteoirí dúchais deireanacha mar aon le heolas ar an ghaol a bhí idir Ghaeltacht Thír Eoghain agus Gaeltacht Dhún na nGall.

Tá súil aige an leabhar a bheith amuigh thart faoin Cháisc.



Seoladh athleagan den leabhar *Ó Ghleann go Fánaid* le Pádraig Ó Baoighill mí na Nollag. Feargus Ó Snodaigh, Coiscéim, Cathal Mac Suibhne, Bainisteoir Réigiúnach Údarás na Gaeltachta, Caitlín Uí Chochláin, Oifigeach Gaeilge Chomhairle Leitir Ceanainn agus Pádraig Ó Baoighill, údar an leabhair.

Na cáithníní Gaelacha a thuar

Tá téis faoi leith ag Phillip Ball ina leabhar *Critical Mass: How One Thing Leads to Another*.

Is é an bharúil atá leagtha amach aige gur féidir na léargais atá le fáil i gcúrsaí fisice, go háirithe ag leibhéal an adaimh agus ag leibhéil fho-admhacha, a aistriú go dtí an gnáthshaol.

Baineann sé leis an dóigh le hathrú a thuar agus a thomhas, mar shampla, an dóigh a n-athraíonn gás ina leacht nó leacht ina sholad.

Aithníonn sé go bhfuil cineálacha áirithe athruithe sa domhan fisiciúil, an gnáthathrú leanúnach, an t-athrú tobann (an dóigh a mbíonn adaimh nó móilíní i staid amháin, abair ina ngás, bomaite amháin, agus go tobann go mbíonn siad ina solad, níl aon idir eatarthu ann), an t-athrú a bhaineann le fachtóir cumhachta (Scála Richter, mar shampla) agus an t-athrú nach féidir a thomhas (an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag féileacán ar an aimsir in Éirinn - éifeacht an fhéileacáin) agus an bhaint atá aige le teoiric an anoird.

Tá taighde cuimsitheach déanta ag an Uasal Ball agus téann sé siar go dtí socheolaithe amhail Hobbes a rinne iarracht eolaíocht a dhéanamh den staidéar ar an tsochaí agus ar dhaoine.

Leanann sé leis ag amharc ar an staitistic shóisialta, tranglaim thráchta, pas-trasdulta, an dóigh a n-éiríonn le comhlachtaí áirithe agus fiú an fáth a dteipeann ar na margaí airgeadais.

Mar shampla, luann sé taighde a dhéanann cur síos ar an dóigh a dtiocfadh tranglam tráchta gluaiseacht siar sa sruth tráchta mar gheall ar dhuine amháin ag luasmhoilliú áit éigin chun tosaigh.

An bonn atá lena theoiric go bhfeidhmíonn daoine i ngrúpaí mar a bheadh cáithníní ann .i. gur féidir a gníomhartha a thuar trí mheán na dtorthaí a áireamh.

Luaim é seo nó rinne dhá leabhar a tháinig amach ar na mallaibh tagairt don dóigh a dtig le gníomhartha daoine a thuar, an rogha teanga a bhíonn ag daoine le bheith cruinn.

Bhí seoladh oifigiúil ar an leabhar *Capitalising on Culture, Competing on Difference* le Fionnbarra Ó Brolcháin agus James J Kennelly, an tseachtain seo a chuaigh thart.

Cé nár luaigh an leabhar an cineál teoirice a bhí ag Ball go sonraíoch pléann sé cuid de na cúinsí a bhaineann le rogha teanga a ghlacadh agus amharcann sé chun tosaigh chun buntáistí a bhaineann le labhairt teanga a lua.

An leabhar eile a amharcann ar an scéal *A New View of the Irish Language* leis na heagarthóirí Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh.

Pléann sé go mion na cúinsí a bhaineann leis an rogha a ghlacann daoine le Gaeilge a labhairt nó gan Gaeilge a labhairt agus cuireann sé a mhéar ar chuid den dinimic a bhaineann leo.

Ach an dtabharfadh taighde staitistiúil léargas dá leithéid de staidéar? Tuigimid go ndéanann daoine a rogha féin ach sa mheán an féidir na roghanna a thuar?

Ní ceist gan bhunús an cheist seo nó cé go raibh an iomad taighdí curtha le chéile agus iad ag carnadh deannaigh le blianta fada is beag ceann a thugann an léargas a chuireann in iúl cén éifeacht a bheidh le gníomh faoi leith.

Seans maith go bhfuil stáisiún teilifíse Gaeilge ina bhuntáiste don teanga ach níl dóigh ar bith oibrithe amach againn lena chruthú. Tá an scéal céanna faoi dheontas nuachtán laethúil Gaeilge a tharraingt siar.

Is é fírinne an scéil nach bhfuil barúil dá laghad againn cén éifeacht, maith nó olc, a bheidh le beart ar bith a mholtar.

An t-aon áit a bhfuil an cineál taighde staidrimh sin á dhéanamh na marcanna a fhaightear ar scoil agus an daonáireamh.

Tá obair mhór i gceist go fóill teacht ar mhodh le héifeacht na mbeart a mheas.

Tá taighde ar siúl, ar ndóigh, ag Éamon Ó Cuív (mac le Brian Ó Cuív, ar ndóigh, eagarthóir an leabhair bhunaidh *A View of the Irish Language* a thug an spreagadh do *A New View*).

Táthar ag dréim leis go mbeidh *Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge* amuigh roimh an Cháisc agus tá sprioc staitistiúil aici, mar atá, líon na gcainteoirí Gaeilge a ardú go dtí 250,000 duine, an líon, dar le hÉamon Ó Cuív a bheidh de dhíth le hinmharthanacht na teanga a chinntiú.

Mar iomlánú ar an chiorcal is í Caoilfhionn Nic Pháidín duine de na húdair atá ar an straitéis agus beidh le feiceáil an mbeidh an cur chuige céanna in úsáid agus a bhí in úsáid in *A New View of the Irish Language.* Beidh go leor ag brath ar an chur chuige acu.

Ciarán Ó Pronntaigh